TG4

# BABHTA COIMISÚNAITHE
# DON CHISTE CRAOLTÓIREACHTA GAEILGE (ILBF) - Meán Fómhair 2017

**Sprioc-am d' iarratais chuig TG4 – Dé hAoine 21 Iúil 2017 ag 1pm.**
**Ag súil le cinnidh ó TG4 – Dé Luain 31 Iúil 2017 ag 1pm.**

Tá TG4 ag cur fáilte roimh iarratais ón earnáil léirithe neamhspleách chun cláracha agus sraitheanna éagsúla a sholáthar dúinn.

Iarrtar ar léiritheoirí agus ar sholáthraithe ábhair aird a thabhairt ar an sprioc lucht féachana (Croí lucht féachana/Gaelach ach Náisiúnta/ Náisiúnta) agus ar na trátha craolta ar leith sa sceideal atá i gceist sa bhabhta seo.

Sa bhabhta coimisiúnaithe seo roghnófar tograí le cur ar aghaidh lena mbreithniú do thacaíocht faoin chéad bhabhtaí eile den Chiste Craoltóireachta Gaeilge (ILBF) (Meán Fómhair 2017). Ná cuir ar aghaidh ach tionscadail atá incháilithe do scéim an ILBF.

Ba chóir gach iarratas ar choimisiún a theacht chugainn tríd an gcóras ríomh-choimisiúnaithe mar cheangaltán pdf agus an buiséad mar cheangaltán excel. Le gach iarratas, ba cheart achoimre ghearr chruthaitheach faoin gclár nó faoin sraith a bheith ann agus eolas faoi na daoine a bhéas páirteach ann, ar chúl agus os comhair an cheamara (níor cheart go mbeadh níos mó ná dhá leathanach A4 san pdf seo). Le gach iarratas ba cheart buiséad a bheith ann don chlár nó don tsraith. (níor cheart go mbeadh níos mó ná dhá leathanach A4 a bheith san excel seo). Ba chóir an dá cheangaltán faoi leith (pdf agus excel) a bheith ann do gach iarratas ar choimisiún.

Ba cheart do na hiarratais a shonrú cé acu de na gnéithe inghlactha don bhabhta seo don ILBF a dtagraíonn siad dóibh.

**GNÉITHE INGHLACTHA SA BHABHTA SEO DON ILBF**

1) **Fíorasach.**

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 8pm nó 8.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha faisnéise 25 nóiméad ar fhad ag plé, den chuid is mó, le scéalta comhaimseartha.
Lucht Féachana: Croí Lucht Féachana.

2) **Fíorasach.**

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha faisnéise láidre, tarraingteacha 50 nóiméad ar fhad.
Lucht Féachana: Náisiúnta, go háirithe mná.

3) **Fíorasach.**

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Cláracha aonair faisnéise, 50 nóiméad nó 75 nóiméad ar fhad.
Lucht Féachana: Náisiúnta.

4) **Siamsaíocht fhíorasach.**

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha siamsaíochta fhíorasaí láidre, tarraingteacha 50 nóiméad ar fhad.
Lucht Féachana: Náisiúnta, go háirithe mná.

5) **Siamsaíocht cheoil thraidisiúnta.**

An chéad am craolta: Deireadh na seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha 50 nóiméad ar fhad.
Lucht Féachana: Gaelach ach Náisiúnta

6) **Siamsaíocht cheoil.**

An chéad am craolta: Lá seachtaine, 9.30pm.
Formáid: Sraith de chláracha 50 nóiméad ar fhad.
Lucht Féachana: Náisiúnta

7) **Siamsaíocht do pháistí (réamhscoile nó 6-12).**

An chéad am craolta: Lá seachtaine.
Formáid: Sraith de chláracha, faid éagsúla.
Lucht Féachana: Páistí, Croí lucht féachana

8) **Cláracha athghuthaithe do pháistí (réamhscoile nó 6-12).**

An chéad am craolta: Lá seachtaine.
Formáid: Sraith de chláracha, faid éagsúla, 15 uair an cloig.
Lucht Féachana: Páistí, Croí lucht féachana

9) **Spórt beo CLG.**

An chéad am craolta: Deireadh na seachtaine nó lá seachtaine.
Formáid: Clúdach beo ar suas le 6 chluiche sa chomórtas do Corn an Dr Mhic Cionnaith.
Lucht Féachana: Gaelach ach Náisiúnta

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin http://update.tg4.ie/ecomm/login.php , agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an sprioc-am tríd an rogha, 'ILBF MF 2017', ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais.

Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Anna Marie Nic Dhonnacha - annamarie.nic.dhonnacha@tg4.ie

Má tá aon cheisteanna agat maidir le haon chuid den bhabhta seo, cuir r-phost chuig Mary Ellen Ní Chualáin maryellen.ni.chualain@tg4.ie

*Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.*

*Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghas, ná le h-aon iarratas.*

*Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Glanta Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.*

*Acht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar an eolas íogaireacht (más ann) agus a rá cén chúis gur eolas íogaireacht é. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogaireacht é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.*

*Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.*